AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
COM(2021) 563 final

2021/0213 (CNS)

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 663 final} - {SWD(2021) 640 final} - {SWD(2021) 641 final} - {SWD(2021) 642 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Leis sin dhéanfaí cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh agus aeráide an Aontais agus rannchuideofaí le hiarrachtaí an Aontais astaíochtaí a laghdú agus, san am céanna, comhleanúnachas le ETS a áirithiú agus neamhréireachtaí agus forluí a sheachaint. Is éard is aidhm do na rialacha comhchuibhithe a leagtar amach faoi Threoir 2003/96/CE an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (‘an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh’ nó ‘ETD’) feidhmiú cuí an Mhargaidh Inmheánaigh a áirithiú.

Mar sin féin, ón uair a glacadh an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, tá athrú as cuimse tagtha ar an mbunchreat beartais maidir leis an aeráid agus an fuinneamh agus níl an Treoir ailínithe a thuilleadh le bearta reatha an Aontais. Thairis sin, leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, ní áirithítear feidhmiú iomchuí an mhargaidh inmheánaigh a thuilleadh.

Is cuid den Chomhaontú Glas don Eoraip agus den phacáiste reachtach ‘Oiriúnach do 55’ an togra maidir le hathmhúnlú toisc go ndírítear an togra ar shaincheisteanna comhshaoil agus aeráide chun tacú le gealltanas an Choimisiúin dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil agus cuspóirí an Aontais Eorpaigh maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar aerthruailliú a bhaint amach.

Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, seoladh straitéis nua fáis don Aontais Eorpach arb é is aidhm di sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach. Athdhearbhaítear leis uaillmhian an Choimisiúin chun a uaillmhian aeráide a mhéadú agus an Eoraip a bheith ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach faoi 2050. Tá riachtanas agus luach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip méadaithe i bhfianaise éifeachtaí fíor-thromchúiseacha phaindéim COVID-19 ar shláinte agus ar fholláine eacnamaíoch shaoránaigh an Aontais.

Bunaithe ar straitéis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ar mheasúnú cuimsitheach tionchair, moladh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Mheán Fómhair 2020 maidir le **Uaillmhian aeráide 2030 na hEorpa a ghéarú**[1] (‘an Plean um Sprioc Aeráide 2030’) uaillmhian an Aontais a ardú agus moladh ann plean cuimsitheach chun sprioc cheangailteach an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 a mhéadú i dtreo laghdú 55 % ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí ar bhealach freagrach. Ach uaillmhian 2030 a ardú anois, tugtar cinnteacht don lucht ceaptha beartas agus d’infheisteoirí, ionas nach ndaingneofar le cinntí a dhéanfar sna blianta romhainn leibhéil astaíochtaí a bheadh neamhréireach le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050. Tá sprioc 2030 i gcomhréir leis an gcuspóir i gComhaontú Pháras chun an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 C agus leanúint de na hiarrachtaí é a choimeád faoi bhun 1.5 C. Thacaigh an Chomhairle Eorpach le sprioc cheangailteach nua an Aontais le haghaidh 2030 ag a cruinniú i mí na Nollag 2020[2].

[1] COM (2020) 562 final.

[2] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 10-11 Nollaig 2020 EUCO 22/20 CO EUR 17 CONCL 8.

Tá sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht ceangailteach ó thaobh dlí de faoin **Dlí Aeráide Eorpach**[3], mar a chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach[4], agus ardaítear uaillmhian 2030 trí sprioc a leagan amach chun laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le 1990.

Chun an chonair a mholtar sa Dlí Aeráide Eorpach a leanúint agus an leibhéal méadaithe uaillmhéine sin a bhaint amach faoi 2030, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir leis an aeráid agus le fuinneamh atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá an pacáiste reachtach **'Oiriúnach do 55'**, mar a fógraíodh sa Phlean um Sprioc Aeráide 2030, ar an mbloc tógála is cuimsithí sna hiarrachtaí chun sprioc aeráide uaillmhianach nua 2030 a chur chun feidhme, agus beidh ar gach earnáil agus beartas eacnamaíoch rannchuidiú leis.

Sa Chomhaontú Glas don Eoraip, gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh lena ndírítear ar shaincheisteanna comhshaoil agus chun a áirithiú go bhfuil cánachas fuinnimh ag teacht leis na cuspóirí aeráide. Tá ról díreach le himirt ag an gcánachas chun tacú leis an aistriú glas trí na comharthaí cearta maidir le praghas a sheoladh trí na dreasachtaí cearta a chur ar fáil le haghaidh tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe.

Sa chomhthéacs sin, tá gá le cánachas comhshaoil éifeachtach agus leis na dreasachtaí maidir le tomhaltas breosla iontaise a bhaint ar fud an Aontais chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach in éineacht le bearta rialála eile.

Is féidir leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh rannchuidiú leis an uaillmhian chun laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 trína áirithiú go léireofar ar bhealach níos fearr leis an gcánachas i dtaca le breoslaí mótair agus breoslaí téimh an tionchar atá acu ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte. Is féidir an aidhm sin a bhaint amach trí mhíbhuntáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí glana a bhaint agus trí leibhéil níos airde cánachais a thabhairt isteach i ndáil le breoslaí neamhéifeachtúla agus breoslaí a dhéanann truailliú, rud lena ndéantar praghsáil carbóin trí thrádáil astaíochtaí a chomhlánú. Éascófar leis sin an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise chuig fuinneamh a bheidh níos glaine chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras.

Rinneadh meastóireacht ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh in 2019[5]. Tar éis na meastóireachta sin, ghlac an Chomhairle conclúidí[6] inar mheas sí go bhféadfaidh cánachas fuinnimh ról tábhachtach a imirt mar cheann de na dreasachtaí eacnamaíocha lena stiúrtar an t-aistriú fuinnimh rathúil, lena spreagtar astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus infheistíochtaí coigiltis fuinnimh agus lena gcuirtear leis an bhfás inbhuanaithe ag an am céanna agus d'iarr sí ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

Ardaítear leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann faoi láthair sraith saincheisteanna a bhaineann lena neamhréireacht le cuspóirí aeráide agus éifeachtúlachta fuinnimh agus lena heasnaimh maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

---

3 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach), COM/2020/80 final.

4 Féach an phreaseisiúint 'Is díol sásaimh don Choimisiún an comhaontú sealadach faoin Dlí Aeráide Eorpach ', IP/21/1828 an 21.04.2021.

5 SWD(2019) 329 final.

6 Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2019 14608/19 FISC 458.

Ar an gcéad dul síos, níl an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais. Leis an Treoir sin ní chuirtear laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, éifeachtúlacht fuinnimh agus glacadh leictreachais agus breoslaí malartacha (hidrigin inathnuaite, breoslaí sintéiseacha, bithbhreoslaí ardfhorbartha , etc.) chun cinn go leordhóthanach. Is éard is cúis leis sin go ngearrtar an cháin chéanna ar bhreoslaí nua ar lú a lorg carbóin agus a ghearrtar ar a gcoibhéis iontaise má tháinig an breosla nua chun cinn ó glacadh an Treoir dheireanach maidir le Cánachas Fuinnimh in 2003 agus, dá bhrí sin, níl ráta sainráite ann ina leith. Tá bithbhreoslaí faoi mhíbhuntáiste de bharr an chánachais toirt-bhunaithe (rátaí arna sloinneadh in aghaidh an lítir). Is éard is cúis leis sin gurb iondúil go mbíonn cion fuinnimh níos ísle ag lítear bithbhreosla ná lítear den bhreosla iontaise a bheadh san iomaíocht agus go bhfuil feidhm ag an ráta cánach céanna. Mar thoradh iomlán air sin, ní leor na dreasachtaí a thugtar leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glana.

Ar an dara dul síos, sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, tugtar tús áite *de facto* d'úsáid breosla iontaise. Cuirtear rátaí náisiúnta atá an-éagsúil i bhfeidhm i dteannta raon leathan díolúintí agus laghduithe cánach. Is cineálacha dreasachtaí breosla iontaise iad an raon leathan díolúintí agus laghduithe nach bhfuil i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Chuideodh an togra nua le húsáid breoslaí iontaise a laghdú ar dhá bhealach. Ar an gcead dul síos, trí rátaí níos airde le haghaidh breoslaí iontaise a leagan síos agus rátaí níos ísle le haghaidh táirgí inathnuaite a leagan síos, rud a laghdóidh an buntáiste coibhneasta ó thaobh praghais a bhaineann le breoslaí iontaise. Dhíspeagfaí leis sin úsáid na mbreoslaí iontaise. Ar an dara dul síos, trí athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht laghduithe agus díolúintí cánach a bheith ann, lena laghdaítear an cánachas ar bhreoslaí iontaise faoi láthair. Áirítear ar na nithe sin, ola gháis a úsáidtear sa talmhaíocht, ola gháis agus gual a úsáidtear i dteaghlaigh i nginiúint teasa (bheadh an fhéidearthacht teaghlaigh leochaileacha a dhíolmhú fós ann) nó breoslaí iontaise a úsáidtear i dtionscail dianfhuinnimh. Thairis sin, chuirfeadh an togra leis an díolúine éigeantach atá ann faoi láthair maidir le hearnáil na loingseoireachta eitlíochta agus uisce-iompartha agus earnáil na hiascaireachta.

Ar an tríú dul síos, ní rannchuidíonn an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a thuilleadh le feidhmiú iomchuí an mhargaidh inmheánaigh. Níl an éifeacht chóineasaithe a bhí ag na híosrátaí cánach ar rátaí cánach náisiúnta a thuilleadh. Tá na híosrátaí íseal toisc nár tugadh cothrom le dáta iad ó 2003 ach tá na rátaí náisiúnta i bhfad os cionn íosmhéideanna na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh i bhformhór na gcásanna. I gcás ar bith, ní chuireann íosmhéideanna na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh cosc a thuilleadh ar 'sodar go grinneall' ná ní hionann iad agus bonn le haghaidh cánachais. Méadaítear leis na nithe sin, mar aon leis na díolúintí agus laghduithe atá ann cheana, ilroinnt an mhargaidh agus go háirithe cuirtear an chothroime iomaíochta ar fud earnálacha an gheilleagair lena mbaineann as riocht.

Ina theannta sin, tá easpa soiléireachta, ábharthachta agus comhleanúnachais ag gabháil le roinnt gnéithe den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, an sainmhíniú ar tháirgí inchánacha agus úsáidí atá lasmuigh de raon feidhme na Treorach agus an léirmhíniú ar an díolúine a bhaineann le breoslaí mótair a úsáidtear in aerloingseoireacht agus i loingseoireacht uisce-iompartha. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra atá ann faoi láthair na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

(1) Creat oiriúnaithe a sholáthar a rannchuidíonn le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Is éard a bheadh i gceist leis sin cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a rannchuideodh le hiarrachtaí an Aontais astaíochtaí a laghdú.

(2) Creat a sholáthar a dhéanann margadh inmheánach an Aontais a chaomhnú agus a fheabhsú trí raon feidhme agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach.

(3) An acmhainneacht ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát a chaomhnú.

Mar a luaitear thuas, bainfear na cuspóirí sin amach trí aistriú ó thoirt go cánachas bunaithe ar chion fuinnimh, trí dheireadh a chur le dreasachtaí le haghaidh úsáid breoslaí iontaise agus trí rangú rátaí a thabhairt isteach i gcomhréir leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil atá iontu. Thairis sin, déanfar an struchtúr cánach atá ann faoi láthair a shimpliú trí tháirgí fuinnimh (a úsáidtear mar bhreosla téimh nó mar bhreosla mótair) agus leictreachas a ghrúpáil agus trí iad a rangú de réir na feidhmíochta comhshaoil atá iontu. Tá ‘feidhmíocht chomhshaoil’ sainithe i ndáil le beartais eile de chuid an Aontais Eorpaigh faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus go háirithe leis na tograí eile sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’. De réir an rangaithe sin, déanfar cáin ar bhreoslaí iontaise traidisiúnta, amhail ola gháis agus peitreal, a ghearradh ag an ráta is airde. Baineann an chéad chatagóir rátaí eile le breoslaí atá bunaithe ar iontaise ach nach bhfuil chomh díobhálach céanna agus breoslaí a d’fhéadfadh rannchuidiú le dícharbónú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Tá feidhm ag 2/3 den ráta tagartha maidir le gás nádúrtha, GPL agus hidrigin ó fhoinse iontaise mar shampla, ar feadh idirthréimhse 10 mbliana. Ina dhiaidh sin, méadóidh an ráta sin go dtí an ráta tagartha iomlán. Bithbhreoslaí atá inbhuanaithe ach nach bhfuil ardfhorbartha atá sa chéad chatagóir eile. Chun a rannchuidiú le dícharbónú a léiriú, tá feidhm ag ½ den ráta tagartha. Tá feidhm ag an ráta is ísle maidir le leictreachas, gan beann ar a úsáid, bithbhreoslaí ardfhorbartha, bithleachtanna, bithgháis agus hidrigin de thionscnamh inathnuaite. Socraítear an ráta is infheidhme maidir leis an ngrúpa sin i bhfad níos ísle ná an ráta tagartha toisc gur féidir le leictreachas agus leis na breoslaí sin aistriú an Aontais chuig fuinneamh glan a bhrú chun cinn chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus mórchuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050.

I roinnt earnálacha, go príomha sna hearnálacha a d’fhéadfadh tairbhe a bhaint as díolúintí iomlána amhail eitlíocht agus breoslaí téimh le haghaidh teaghlaigh neamhleochaileacha, beidh feidhm ag idirthréimhsí chun na costais eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann le cánachas a thabhairt isteach a mhaolú.

Cuirfear an ghné shóisialta san áireamh sa togra freisin tríd an bhféidearthacht a thabhairt isteach teaghlaigh leochaileacha a dhíolmhú ó chánachas ar bhreoslaí téimh ar feadh tréimhse 10 mbliana agus trí idirthréimhse 10 mbliana a thabhairt isteach chun an t-íosráta cánachais a bhaint amach.

Is féidir leis na Ballstáit laghduithe nach lú ná na híosmhéideanna a dheonú do bhreoslaí téimh do na teaghlaigh uile. Is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh faoi úsáid an ioncaim ó cháin agus is féidir leo cothroim a áirithiú a thuilleadh trí úsáid a bhaint as na hioncaim sin chun an tionchar sóisialta a mhaolú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Sainmhínítear i dTreoir 2003/96/CE ón gComhairle na táirgí fuinnimh inchánach, na húsáidí a chuireann faoi réir cánach iad agus na híosleibhéil chánachais is infheidhme maidir le gach táirge ag brath ar cé acu an úsáidtear nó nach n-úsáidtear é mar thiomántán chun críoch tionsclaíoch agus tráchtála áirithe nó chun críocha téimh. Beidh na forálacha leasaithe comhleanúnach go fóill leis na forálacha nach ndéantar athrú orthu.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuirtear i láthair na tionscnaimh a bhaineann le cuspóirí aeráide an Aontais faoin gComhaontú Glas don Eoraip, go háirithe sprioc aeráide 2030, faoin bPacáiste 'Oiriúnach do 55'. Cuimseofar leis an bpacáiste sin go háirithe athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht earnála i réimsí na haeráide, an fhuinnimh, an iompair agus an chánachais[7].

Cuid den phacáiste sin a dheartar go comhleanúnach is ea é an togra seo maidir le hathmhúnlú na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh. Chun na tograí eile atá sa phacáiste a chomhlánú, rannchuidíonn sé le spriocanna aeráide an Aontais trí aghaidh a thabhairt ar na díolúintí agus ar na laghduithe i gcánachas fuinnimh a chuimsítear le le dreasachtaí breosla de facto, agus éifeachtúlacht fuinnimh agus glacadh breoslaí níos glaine á gcur chun cinn ag an am céanna. Dá bhrí sin, comhlánaíonn an togra le haghaidh athmhúnlú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus an togra lena leasaítear EU-ETS a chéile, lena leasaítear trádáil astaíochtaí in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar.

Áirítear ar na tionscnaimh eile de chuid an phacáiste 'Oiriúnach do 55' tograí nua agus an t-athbhreithniú ar an acquis atá ann cheana i réimse an bheartais aeráide, fuinnimh agus iompair.

- Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS)[8], chun é a oiriúnú don sprioc aeráide nua agus chun trádáil astaíochtaí a thabhairt isteach in earnáil na tógála, san earnáil mhuirí agus in earnáil an iompair de bhóthar mar aon le hathrú a dhéanamh ar an gcaoi a láimhseáiltear an earnáil eitlíochta a áirítear ina raon feidhme cheana féin;
- an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (ESR)[9] maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go dtí 2030;
- an Rialachán lena leagtar síos na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus d'fheithiclí tráchtála éadroma[10];
- an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (REID II)[11];
- an tionscnamh 'ReFuelEU Aviation' arb é is aidhm dó dlús a chur faoi tháirgeacht agus faoi glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe in earnáil an aeriompair;

---

7 An Coimisiún Eorpach. (2020) Clár Oibre an Choimisiúin, 2021. Leagtar amach in Iarscríbhinn I na hionstraimí uile atá le moladh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, an t-athbhreithniú ar chánachas fuinnimh (an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh).

8 Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

9 Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go dtí 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh

10 Rialachán (AE) 2019/631 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua

11 Treoir (AE) 2018/2001– Bunaítear leis an Treoir seo oibleagáid ar sholáthraithe breosla sciar éigeantach íosta d'fhuinneamh inathnuaite laistigh den tomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair faoi 2030.

- an tionscnamh ‘FuelEU Maritime’ arb é is aidhm dó an t-éileamh ar bhreoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin in earnáil an mhuiriompair a mhéadú;
- an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh chun uaillmhian sprioc nua aeráide 2030 a chur chun feidhme (EED) agus chun rannchuidiú le haistriú cóir;
- Sásra nua Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha;
- Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh (LULUCF)[12];
- an Treoir maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid[13];
- an Rialachán maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú (Tacsanomaíocht) [14].

Thairis sin, tacaíonn athmhúnlú na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach a gealladh faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus leis na beartais taighde agus nuálaíochta (R&I) san earnáil aeráide, fuinnimh agus soghluaisteachta faoi Fís 2020: an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2021-2027.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Bunaítear an togra seo ar Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena gceadaítear don Aontas Eorpach rialacha comhchuibhithe a leagan síos d’fhonn feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Ina theannta sin, is féidir forálacha iomchuí de chineál fioscach a ghlacadh, inter alia, atá beartaithe chun an comhshaol a chaomhnú agus a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 192(2), an chéad fhomhír, de CFAE.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir na heasnaimh sa Treoir atá ann faoi láthair a réiteach ach amháin trí athbhreithniú a dhéanamh ar n an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, i gcomhar le bearta beartais eile de chuid an Aontais. Faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann cheana, is féidir leis na Ballstáit rátaí a gcánacha ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a mhéadú, cinneadh a dhéanamh gan leas a bhaint as na díolúintí agus laghduithe a d’fhéadfadh a bheith ann nó cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a thabhairt isteach. Mar sin féin, le cuir chuige náisiúnta den sórt sin, tá an baol ann go saobhfaí an margadh inmheánach agus go mbainfí an bonn de chuspóirí EGD i ngeall ar an struchtúr neamh-chomhchuibhithe agus ar leibhéal na gcánacha náisiúnta.

---

12 Rialachán (AE) 2018/841 an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh

13 Treoir 2014/94/AE an 33 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid

14 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(1) D’fhéadfadh na híosrátaí atá ann faoi láthair teorainn a chur le leibhéal na huaillmhéine comhshaoil is féidir leis na Ballstáit a shaothrú le cánacha ar fhuinneamh, go háirithe toisc go ndéanann cánachas fuinnimh difear díreach do na costais do chuideachtaí.

(2) Leis an gcánachas fuinnimh a chomhchuibhiú tríd an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, ba cheart go gcuideofaí le héifeachtaí díobhálacha na hiomaíochta cánach fuinnimh idir na Ballstáit a laghdú, rud a d’eascródh, mar shampla, ó athlonnú gnólachtaí chuig na Ballstáit a bhfuil córais chánach níos tairbhiúla acu.

(3) Léiríodh gur uirlis éifeachtach é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS) chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shuiteálacha a chumhdaítear faoin scéim a laghdú. Moltar EU-ETS a leathnú chun an earnáil mhuirí a chumhdach agus trádáil astaíochtaí a thabhairt isteach in earnáil an iompair de bhóthar agus na bhfoirgneamh mar chuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’. Mar sin féin, maireann cánachas fuinnimh sna Ballstáit taobh leis an trádáil astaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ní mór a áirithiú leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh go soláthrófar dreasachtaí atá i gcomhréir le cuspóirí fuinnimh, aeráide agus comhshaoil an Aontais leis na híosrátaí a shocraítear ar leibhéal an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is féidir comhleanúnachas a áirithiú le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais idir cur i bhfeidhm EU-ETS agus cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas, chomh maith le cur chuige coiteann de chuid an Aontais maidir le cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh.

Chun cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach, tá gá le meascán ionstraimí beartais agus le creat cánachais éifeachtach de chuid an Aontais, is féidir, ag an am céanna, tacú le bearta beartais eile de chuid an Aontais, roghanna náisiúnta a sheachaint as a dtagann saobhadh ar an margadh inmheánach agus/nó cánachas dúbailte.

Ní mór athmhúnlú na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh agus a uainiú a mheas i gcomhthéacs níos leithne Chlár Oibre an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is trí bhíthin gníomh arna ghlacadh ag an Aontas, lena ndéantar athmhúnlú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, is féidir an cuspóir sin a chur chun feidhme ar bhealach níos dlúithe i gcomhréir lena chuspóirí.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas.

Is fearr is féidir cuspóirí an togra atá ann faoi láthair a bhaint amach tríd an Treoir atá ann faoi láthair a athmhúnlú chun na gcríoch a mhínítear thuas. Baineann an togra go príomha le roinnt comhpháirteanna bunriachtanacha den Treoir: struchtúr an chánachais agus an gaol idir cóireáil cánach na bhfoinsí fuinnimh éagsúla faoi seach.

Tá an togra teoranta ar gach bealach don mhéid is gá chun na cuspóirí atáthar ag saothrú a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Treoir atá sa togra. Sa réimse sin a chumhdaítear leis an Treoir atá ann cheana, ba cheart do na Ballstáit leanúint de chion beag solúbthachta a choinneáil, mar a mhínítear thuas. Dá bhrí sin, níor leor modhanna eile seachas Treoir lena leasaítear Treoir 2003/96/CE.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana[15]**

Ar an gcéad dul síos, leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, rinneadh rannchuidiú dearfach foriomlán i ndáil lena phríomhchuspóir, is é sin, feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, cánachas dúbailte a chosc nó aon saobhadh trádála agus iomaíochta idir foinsí fuinnimh agus tomhaltóirí agus soláthróirí fuinnimh a sheachaint.

Mar sin féin, de réir mar a d'fhorbair teicneolaíochtaí, rátaí cánach náisiúnta agus margaí fuinnimh le 15 bliana anuas, ní thugann an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh mar atá faoi láthair an rannchuidiú dearfach céanna a thuilleadh. Thairis sin, tá forbairt tagtha ar chreat reachtach agus cuspóirí beartais an Aontais go mór mór ó glacadh an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh in 2003 agus bhí roinnt saincheisteanna ábhartha agus comhleanúnachais mar thoradh air sin. Mar thoradh air sin, creimeadh breisluach foriomlán an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh go mór le himeacht ama, go háirithe mar gheall ar easpa innéacsaithe na n-íosrátaí agus mar gheall ar an úsáid fhorleathan agus an-éagsúil a bheith a bhaineann na Ballstáit as díolúintí roghnacha cánach agus mar gheall ar an timpeallacht bheartais atá ag athrú.

Leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann faoi láthair, déantar rannchuidiú ar bhealach atá an-teoranta, le cuspóirí eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil níos leithne an Aontais Eorpaigh. Tá an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh ar a laghad comhleanúnach go páirteach leis na hiarrachtaí beartais chun úsáid fuinnimh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe a chur chun cinn ach níl sé chomh leanúnach céanna maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar astaíochtaí gáis eile chomh maith le héagsúlú fuinnimh nó neamhspleáchas agus slándáil fuinnimh. I measc na bpríomhchúiseanna a shainaithnítear maidir leis an easpa comhleanúnachais sin, tá an neamhaird ar an gcion fuinnimh agus ar astaíochtaí CO_2 táirgí fuinnimh agus leictreachais, íosleibhéil chánachais atá íseal (ró-íseal) agus (an iomarca) díolúintí. Ar na cúiseanna céanna, ní rannchuidíonn an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh le dícharbónú an iompair agus leis an laghdú ar astaíochtaí ó thruailliú aeir. Mar thoradh air sin, tá teorainn leis an méid a rannchuidíonn an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh leis na cuspóirí a leagtar amach sna comhaontuithe idirnáisiúnta amhail Comhaontú Pháras 2015 a bhaint amach. Thairis sin, ní dhéantar idirdhealú sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh idir foinsí leictreachais inathnuaite agus foinsí leictreachais ar mór a lorg carbóin ná ní chuirtear san áireamh leis feidhmíocht chomhshaoil na mbithbhreoslaí. Dá bhrí sin, níl forálacha na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh maidir le cánachas ar bhithbhreoslaí i gcomhréir le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais.

Cumhdaítear leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh sciar atá ag laghdú de mheascán fuinnimh an Aontais Eorpaigh de réir mar a thagann teicneolaíochtaí agus táirgí nua (e.g. gás a fhaightear ó leictreachas, breoslaí de thionscnamh neamhbhitheolaíoch) chun cinn nó de réir

[15] Tuarascáil - Meastóireacht ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh , 2019

mar a bhíonn tábhacht ag baint leo. Dá réir sin, ní féidir a áirithiú leis an gcóras cánachais fuinnimh atá ann faoi láthair go gcuirfear cóir fhabhrach ar theicneolaíochtaí agus ar tháirgí nua atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil. Mar shampla, d'ainneoin go bhfuil breoslaí inathnuaite ag dul i méid ó thaobh an mhargaidh de, braitheann a gcóireáil cánach faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh go fóill ar na rialacha a forbraíodh tráth a bhí na breoslaí sin ina malairtí nideoige.

Leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann faoi láthair, cuirtear peitreal faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le díosal i bhfoirm íosráta níos ísle le haghaidh díosail. Cruthaítear leis sin éileamh níos airde ar dhíosal. Thairis sin, tá breoslaí atá ag teacht chun cinn faoi mhíbhuntáiste. Mura liostaítear go sainráite iad sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann faoi láthair, beidh feidhm ag ráta cánach an bhreosla a úsáidtear chun críocha coibhéiseacha. Is iondúil go mbíonn cion fuinnimh na mbreoslaí sin in aghaidh an lítir níos ísle ná cion fuinnimh an bhreosla choibhéisigh. Bíonn ráta cánach níos airde in aghaidh an lítir le haghaidh breoslaí nua mar thoradh air sin. Thairis sin, is fadhb í an díolúine ó cháin éigeantach maidir le heitlíocht idirnáisiúnta agus loingseoireacht uisce-iompartha go háirithe toisc nach bhfuil sí comhleanúnach leis na dúshláin agus na beartais atá ann faoi láthair maidir leis an aeráid.

Maidir le heitlíocht, tá an tAontas Eorpach, thar ceann an Aontais agus na mBallstát, tar éis comhaontuithe cothrománacha maidir le haersheirbhísí agus comhaontuithe cuimsitheacha maidir le haeriompar a chaibidliú le tríú tíortha. Ina theannta sin, thug na Ballstáit comhaontú déthaobhach maidir le haersheirbhísí i gcrích le tríú tíortha freisin. Leis na comhaontuithe cothrománacha maidir le haersheirbhísí, is féidir leis an Aontas roinnt forálacha i gcomhaontuithe déthaobhacha na mBallstát a leasú. Glacann na comhaontuithe cuimsitheacha maidir le haeriompar ionad na gcomhaontuithe déthaobhacha a thug na Ballstáit aonair i gcrích le tríú tíortha. I bhformhór na gcásanna, déantar foráil leis na comhaontuithe sin maidir le cáin a ghearradh ar bhreosla a sholáthraítear i gcríoch na mBallstát lena úsáid in aerárthach a oibríonn eitiltí laistigh den Aontas.

Maidir le huisce-iompar, rialaítear an t-iompar ar an Réin le Coinbhinsiún Mannheim athbhreithnithe an 17 Deireadh Fómhair 1868 maidir le Loingseoireacht na Réine. Ina theannta sin, leis an gComhaontú maidir le córas custaim agus cánach i gcomhair ola gáis is infheidhme maidir le stórais soithí i loingseoireacht na Réine[16] a tugadh i gcrích in Strasbourg an 16 Bealtaine 1952 ('Comhaontú Strasbourg') déantar foráil maidir le díolmhú ola gáis a úsáidtear ar an Réin agus a fochraobhacha agus a huiscebhealaí eile. Ós rud é gur cheart an cháin chéanna a ghearradh ar bhreosla a úsáidtear le haghaidh uisce-iompar san Aontas, ní mór do na Ballstáit ar páirtithe iad i gComhaontú Strasbourg gach beart iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur go héifeachtach leis an neamhluí. De réir Airteagal 351, mír 2 CFAE, sa mhéid nach luíonn conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag Ballstáit an Aontais le tríú tíortha le dlí an Aontais, ní mór do na Ballstáit lena mbaineann gach beart iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leis an neamhluí sin a rinneadh.

Tá na híosrátaí le haghaidh breoslaí téimh ró-íseal chun rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh ós rud é nach léirítear iontu ach sciar diomaibhseach de phraghas na dtáirgí sin. Thairis sin, tá méadú breise tagtha ar úsáid na ndíolúintí agus na laghduithe

[16] Accord relatif au régime douanier et fiscal du gasoil consommé comme ravitaillement de bord dans la navigation rhénane Conclu à Strasbourg le 16 mai 1952.

roghnacha a dheonaítear do theaghlaigh agus d'úsáideoirí gnó, rud a fhágann go bhfuil rátaí cánach éifeachtacha i bhfad níos ísle i roinnt Ballstát ná i mBallstáit eile.

Cuirtear rátaí an-éagsúla ar leictreachas agus ar ghás nádúrtha i bhfeidhm in éineacht le raon leathan díolúintí agus laghduithe cánach a rannchuidíonn leis an méadú ar ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh.

Ós rud é nach léiríonn na leibhéil chánachais faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh aon loighic shonrach – mar shampla, gan an cion fuinnimh agus na seachtrachtaí a chur san áireamh – ceadaítear do na Ballstáit a rátaí náisiúnta a shocrú de réir mar is mian leo gan aon táscaire ná aon chóimheas idir táirgí a leanúint. Dá bhrí sin, is féidir comharthaí praghais míchuí d'úsáideoirí a bheith mar thoradh ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann faoi láthair, agus d'fhéadfaí iad a dhíspreagadh ó fhoinsí fuinnimh níos glaise agus níos éifeachtúla a roghnú agus ní áirithítear aon chóir chomhsheasmhach ar an leibhéal náisiúnta.

Leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, níor cruthaíodh aon ualach ná costas mór rialála do na Ballstáit ná do na hoibreoirí eacnamaíocha chun an Treoir a chomhlíonadh. Tagann cuid mhaith de na costais agus na hualaí ó reachtaíocht chothrománach nó ó bhearta cur chun feidhme náisiúnta nach bhforordaítear sa Treoir agus a athraíonn go suntasach ar fud na mBallstát nó na hearnála gníomhaíochta eacnamaíche.

Bhain na deacrachtaí a bhí i gceist le cur chun feidhme na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh le castacht, easpa soiléireachta, foclaíocht dhébhríoch agus léirmhínithe roinnt forálacha na Treorach sin. Neamhchinnteachtaí amhail coinníollacha doiléire maidir le hincháilitheacht do chóireáil fhabhrach cánach an toradh a bhí air sin. D'fhéadfadh éiginnteacht den sórt sin a bheith ina costas d'údaráis chánach agus d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe nuair a bhíonn dlíthíocht mar thoradh uirthi, a shloinntear mar chostais bharúlacha nó costais dlí.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ceapadh an togra seo i bhfianaise raon leathan ranníocaíochtaí seachtracha. Chuathas i gcomhairle ar dtús leis na páirtithe leasmhara trí shásra aiseolais an Mheasúnaithe ar Thionchar Tionscanta agus trí chomhairliúchán poiblí tiomnaithe.

Bhí an comhairliúchán poiblí ar oscailt ón 22 Iúil 2020 go dtí an 14 Deireadh Fómhair 2020. San iomlán, fuarthas 563 fhreagra ó 25 Bhallstát agus ó chúig thríú tír, mar aon le 129 bpáipéar seasaimh. Aontaíonn tromlach na bhfreagróirí le cuspóirí ginearálta an Aontais maidir le hathrú aeráide agus truailliú a chomhrac agus leis na cuspóirí sin a chur i bhfeidhm maidir le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. I dtéarmaí tosaíochtaí don athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, d'aontaigh formhór na bhfreagróirí gur cheart astaíochtaí gás ceaptha teasa sa sainmhíniú ar rátaí a chur san áireamh san athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh (ar rátaí iad ba cheart a shloinneadh freisin i gcion fuinnimh seachas i dtéarmaí toirte) agus ba cheart dreasachtaí a thabhairt isteach le haghaidh foinsí malartacha fuinnimh amhail hidrigin ghlan agus bithbhreoslaí inbhuanaithe. Go ginearálta, léirigh na freagróirí nár aontaigh siad le cáin a ghearradh ar earnálacha atá i mbaol sceite carbóin. Léiríodh sa chomhairliúchán poiblí roinnt tacaíochta chun na cánacha ar mhodhanna éagsúla iompair a chothromú ionas gur féidir leo dul san iomaíocht ar bhonn cothrom agus modhanna iompair atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus níos ísle a fhorbairt. Maidir le bearta sóisialta tionlacain, thacaigh formhór na

bhfreagróirí le haistriú cánach ó chánachas saothair agus ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta chomh maith le cláir leasa shóisialta atá dírithe ar theaghlaigh bhochta.

I dteannta an chomhairliúcháin phoiblí, rinneadh comhairliúcháin dhíreacha leis na Ballstáit, lena n-áirítear iarrataí ar ionchur d'fhonn rátaí cánach éifeachtacha a ríomh, mar aon le geallsealbhóirí eile.

- **Measúnú tionchair**

Chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí éagsúla beartais, rinneadh scrúdú ar roinnt cur chuige agus cuireadh i gcomparáid leis an gcás bunlíne iad.

Is é atá sa bhonnlíne creat reachtach 2030 maidir leis an aeráid agus an fuinneamh atá ann cheana, eadhon na spriocanna aeráide agus fuinnimh, laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa 40 % faoi 2030, a comhaontaíodh cheana, chomh maith leis na príomhuirlisí beartais chun iad sin a chur chun feidhme. Glacann an rogha beartais sin leis go bhfágtar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh gan athrú.

Le rogha 1 dhéanfaí na híosrátaí a innéacsú agus leathnófaí go páirteach an bonn cánach agus, san am céanna, choinneofaí go substaintiúil a struchtúr slán. Chuimseofaí na hearnálacha eitlíochta agus muirí, laistigh den Aontas, sa raon feidhme a mbeadh íosráta nialasach ann trí dheireadh a chur leis na díolúintí cánach atá ann faoi láthair.

Le rogha 2 tugtar isteach córas rátaí simplithe. Dhéanfaí íosrátaí a innéacsú agus a bhunú ar chion fuinnimh agus agus chuirfí idirthréimhse (10 mbliana le haghaidh rogha 2a agus tréimhse níos giorra go dtí 2030 le haghaidh rogha 2b) i bhfeidhm. Díríonn sé ar chion fuinnimh trí bhíthin leibhéal méadaithe cánachais (ar bhreoslaí téimh den chuid is mó) agus chuimseofaí leathnú bhonn inchánach na loingseoireachta laistigh den Aontas le haghaidh na n-earnálacha eitlíochta agus muirí i raon feidhme na Treorach ina mbeidh íosrátaí a dhéanfar a mhéadú go líneach le linn idirthréimhse 10 mbliana. Le rogha 2c tugtar isteach comhpháirt nua chun rátaí lena gcuirtear san áireamh astaíochtaí truailleán aeir na dtáirgí sa bhreis ar ghnéithe rogha 2a a chinneadh.

Le rogha 3 tugtar isteach comhpháirt cion carbóin le haghaidh na n-earnálacha nach gcumhdaítear le ETS, chun a áirithiú go bhfuil na hearnálacha sin faoi réir praghsála carbóin. I ndáil le rogha 2, sa chás seo chomh maith, déantar dhá idirthréimhse (10 bliana agus tréimhse níos giorra go dtí 2030) a bhreithniú. Comhpháirt truailliúcháin a thabhairt isteach, déantar anailís air sin sa rogha sin.

Na príomhthorthaí

Agus laghdú nuashonraithe 2030 ar astaíochtaí gás ceaptha teasa á mholadh ag an gCoimisiún Eorpach i mí Mheán Fómhair 2020, ar laghdú 55 % ar a laghad é i gcomparáid le 1990, rinne an Coimisiún cur síos freisin ar na gníomhaíochtaí i ngach earnáil den gheilleagar lena gcomhlánófaí iarrachtaí náisiúnta chun an uaillmhian mhéadaithe sin a bhaint amach. Ullmhaíodh roinnt measúnuithe tionchair chun tacú leis na hathbhreithnithe atá beartaithe ar phríomhionstraimí reachtacha sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

I bhfianaise an méid sin, rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar na roghanna éagsúla trína bhféadfadh an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh rannchuidiú go

héifeachtach agus go héifeachtúil leis an sprioc nuashonraithe a bhaint amach mar chuid de phacáiste beartais níos leithne ‘Oiriúnach do 55’ agus cuspóir an mhargaidh inmheánaigh á chomhlíonadh ag an am céanna, rud a sheachnaíonn creimeadh ioncaim.

Bunaithe ar chomparáid na roghanna mar aon leis an anailís ar na roghanna beartais sonracha, chomhlíonfadh Rogha 2 agus 3 araon na cuspóirí ar bhealach inmhianaithe.

Rannchuidíonn na roghanna sin leis na cuspóirí aeráide agus fuinnimh mar aon leis na cuspóirí beartais eile.

Maidir leis an idirthréimhse, beidh an tionchar céanna ag an dá thréimhse (10 mbliain nó 7 mbliana) faoi 2035 i ngach rogha. Mar sin féin, baintear amach na torthaí is fearr leis na roghanna a bhfuil idirthréimhse 10 mbliana (rogha 2a agus 3a) ag gabháil leo i gcomparáid le hidirthréimhse níos giorra agus an ghné shóisialta á breithniú.

Nuair a dhéantar gné an truaillithe aeir a mheas, baineann tionchar diúltach sóisialta leis an tionchar dearfach ar laghduithe astaíochtaí, trí mhéadú suntasach ar phraghas an ghuail agus na bithmhaise.

Ós rud é gur cheart trádáil astaíochtaí a thabhairt isteach le haghaidh astaíochtaí carbóin ó iompar de bhóthar agus ó fhoirgnimh, mar a mholtar san athbhreithniú ar thogra EU ETS faoin bpacáiste “Oiriúnach do 55” meastar gurb í rogha 2a an rogha is fearr toisc go seachnaítear léi aon fhorluí idir an dá shásra.

Dá ndéanfaí EU-ETS a leathnú go tomhaiste chun an earnáil mhuirí a chumhdach agus chun astaíochtaí trádála a thabhairt isteach in earnáil an iompair de bhóthar agus na bhfoirgneamh, i gcomhar le rogha 2 i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, chuideodh sin le cuspóir aeráide uaillmhianach an Aontais laghduithe astaíochtaí 55 % a bhaint amach faoi 2030 agus san am céanna go bhféadfaí an chuid eile de chuspóirí an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a bhaint amach.

Léiríodh sa mheasúnú tionchair freisin nach gcuirfeadh an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh ualach míchuí ar an ngeilleagar. Is féidir na cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach le costais eacnamaíocha an-teoranta agus d’fhéadfadh go dtiocfadh tairbhí eacnamaíocha as an athbhreithniú, go háirithe dá n-úsáidfeadh na Ballstáit ioncam breise ó chánachas ginearálta ar ídiú fuinnimh chun costais shóisialta neamhbheartaithe a chúiteamh.

Léiríodh sa mheasúnú tionchair go bhféadfadh tionchar níos mó a bheith ag cánachas méadaithe ar bhreoslaí iontaise ar theaghlaigh ar ioncam íseal, go háirithe le haghaidh téimh. Sna cásanna sin, d’fhéadfaí cúlchéimnitheacht chánacha fuinnimh a chúiteamh trí na hioncaim sin a athchúrsáil chun tacú leis an aistriú glas trí infheistíochtaí maoinithe in earraí agus i bhfearais ísealcharbóin atá tíosach ar fhuinneamh nó trí aistrithe cnapshuime. Mar shampla, léirítear san anailís, nuair a dhéanfar an t-ioncam breise ó cháin a aisíoc le teaghlaigh ar bhonn cnapshuime, iompaíonn an t-athrú cánach iomlán ina hathrú forchéimnitheach de bhrí go gcinnfear leis na haistrithe sin méadú ar an ioncam indiúscartha do theaghlaigh.

Ar an mbonnlíne, meastar go dtiocfaidh laghdú beagnach 32 % ar ioncam na mBallstát idir 2020 agus 2035 mar gheall ar an éabhlóid nach raibh coinne leis ar an gcóras fuinnimh de bhrí go mbeidh laghdú ar an spleáchas laghdaitheach ar bhreoslaí a bhuí le coigilteas fuinnimh agus an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise. Faoin rogha tosaíochta thiocfadh maolú nach beag ar an treocht sin de bharr méaduithe ar ioncam.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Maidir leis na costais a bhaineann le feidhmiú na Treorach, is ar roinnt fachtóirí eile a bhraitheann cur chun feidhme sonrach na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh. Áirítear orthu sin gnéithe amhail beartais shonracha náisiúnta nó beartais eile de chuid an Aontais atá á gcur i bhfeidhm sa réimse céanna, tosaíochtaí náisiúnta agus leagáid thionsclaíoch, dálaí eacnamaíocha agus trádála atá i réim nó samhlacha gnó earnálacha nó cuideachtaí aonair.

De réir na meastóireachta (a foilsíodh cheana) ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann faoi láthair[17], mar gheall ar an tsolúbthacht fhorleathan a thugann an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann faoi láthair do na Ballstáit díolúintí, laghduithe agus aisíocaíochtaí a chur i bhfeidhm, bhí sé casta rátaí éifeachtacha a ríomh ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais. Go háirithe, tráth na meastóireachta ní raibh aon bhailiú oifigiúil sonraí ann a bhí feistithe chun rátaí cánach éifeachtacha a ghabháil. Dá bhrí sin, bhí sé deacair roinnt éifeachtaí na Treorach a rogha agus a chainníochtú.

Mar sin féin, sa mheasúnú tionchair atá ann faoi láthair, sainaithníodh roinnt costas eacnamaíoch sa roinn ábhartha maidir le tionchair na roghanna beartais.

Tiocfaidh costais áirithe rialála chun cinn (údaruithe, dearbhuithe agus córais TF a bhainistiú den chuid is mó) do na trádálaithe i dtáirgí fuinnimh a tugadh isteach i raon feidhme na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh le déanaí agus don lucht riaracháin toisc go mbeidh na táirgí sin faoi réir roinnt forálacha de na socruithe ginearálta máil[18]; mar sin féin, ba cheart na costais sin a theorannú i gcás trádálaithe hidrigine agus trádálaithe bithmhaise soladaí mar go gceadófar do na táirgí sin na simplithe rialaithe gluaiseachtaí céanna agus a cheadaítear do ghás nádúrtha agus do ghual faoi seach. Má chuirtear deireadh le díolúintí ó dhleacht mháil i gcás roinnt breoslaí nó earnálacha gníomhaíochta (e.g. eitlíocht agus earnáil mhuirí), ní athraítear na costais rialála a bhaineann le socruithe ginearálta toisc go raibh breoslaí díolmhaithe faoi réir rialuithe coinneála agus gluaiseachta ar aon nós.

Ó thaobh an riaracháin de, níltear ag súil go mbeidh fadhbanna ag baint le cáin bhreosla a bhailiú san earnáil eitlíochta. Tá taithí ag na Ballstáit cheana féin ar chánacha breosla a bhailiú i modhanna eile iompair (iompar de bhóthar den chuid is mó). Táthar ag súil go mbaileofar cáin bhreosla eitlíochta ar an mbealach céanna, agus na soláthróirí breosla a bhailíonn an cháin nuair a sholáthraíonn siad ceirisín in aerfoirt, agus na cistí sin a aistriú ina dhiaidh sin chuig na húdaráis chánach ábhartha.

Ó thaobh éifeachtúlachta de, is féidir na costais a bhaineann le bailiú na gcánacha breosla mótair atá ann faoi láthair a úsáid in ionad an mhéid a chosnódh sé chun cáin bhreosla eitlíochta a bhailiú. Fuarthas amach i staidéar a rinneadh in 2012[19] go raibh na costais riaracháin le haghaidh na n-údarás poiblí idir 0.65 % agus 0.85 % den ioncam ó cháin bhreosla. Meastar go mbeadh bailiú cánach breosla ceirisín beagáinín níos simplí, toisc go bhfuil an soláthar ceirisín comhchruinnithe ag aerfoirt, nach bhfuil ach roinnt beag díobh i ngach Ballstát. I bhfianaise an méid sin, meastar go léiríonn an figiúr is ísle de 0.65 % den ioncam na costais riaracháin a bhaineann le cáin bhreosla a bhailiú.

---

17 Féach an Tuarascáil ón gCoimisiún: meastóireacht ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, SWD(2019) 329 final, an 11.09.2019.

18 Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE

19 CE Delft et al. (2012). Fardal beart chun costais sheachtracha iompair a inmheánú. An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach.

Tá staidéar seachtrach ar chánachas na heitlíochta coimisiúnaithe ag an gCoimisiún freisin chun críocha an mheasúnaithe tionchair, i measc nithe eile.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an beart seo difear do chearta bunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachta ag an togra do bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar faireachán ar an gcáin a ghearrtar ar thomhaltas fuinnimh go rialta uair sa bhliain ar a laghad trí fhaisnéis a bhailiú ó na Ballstáit tráth chruinnithe an tSainghrúpa um Cháin Indíreach (ITEG). Ina theannta sin, déanann AS TAXUD, i gcomhar leis na Ballstáit, nuashonrú ar an mbunachar sonraí faisnéise maidir leis na rátaí cánach fuinnimh is infheidhme (an bunachar sonraí ‘Cánacha san Eoraip’) dhá uair sa bhliain.

Thairis sin, déantar foráil sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh maidir le scrúdú rialta, ar bhonn tuarascála agus, i gcás inarb iomchuí, ar thogra ón gCoimisiún chun forálacha éagsúla na Treorach agus na híosleibhéil chánachais a mhodhnú. Déanfaidh an tuarascáil ón gCoimisiún agus an breithniú ón gComhairle feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus cuspóirí an Chonartha ar bhonn níos forleithne a chur san áireamh. A luaithe a bheidh an t-athbhreithniú déanta ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, beidh ar an scrúdú sin díriú go háirithe ar na nithe seo a leanas:

(a) mar a chuir na Ballstáit an creat nua chun feidhme maidir le cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas ina gcórais náisiúnta,

(b) mar a chuir sé ar a gcumas breithnithe comhshaoil agus éifeachtúlachta fuinnimh a chomhtháthú ar bhealach níos fearr agus

(c) cén tionchar atá ann nuair a chuirtear an chaoi ar bhain na Ballstáit úsáid as aon ioncam breise san áireamh.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní mheastar gur gá aon doiciméad míniúcháin maidir le trasuí fhorálacha an togra seo.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Molann an Coimisiún, le héifeacht ón gcéad lá de mhí Eanáir 2023, na nithe seo a leanas:

1) *Cánachas fuinnimh bunaithe ar chion fuinnimh na dtáirgí fuinnimh agus an leictreachais, agus an fheidhmíocht chomhshaoil atá iontu*.

Chun na cuspóirí éagsúlaithe atá luaite cheana a cheadú (éifeachtúlacht fuinnimh, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ioncam a ghiniúint, etc.), agus chun a áirithiú, a mhéid is féidir, gur féidir iad uile a shaothrú ar bhealach comhsheasmhach, ba cheart cánachas a nascadh le

cion fuinnimh na dtáirgí fuinnimh agus an leictreachais, mar aon lena bhfeidhmíocht chomhshaoil arna ndíorthú ó chreat foriomlán an Aontais.

Le cánachas atá bunaithe ar an gcion fuinnimh, tugtar tagairt níos fearr do tháirgí éagsúla fuinnimh agus do leictreachas a chur i gcomparáid le chéile agus cuireann sé deireadh leis an gcóireáil cánach atá ann faoi láthair a d'fhéadfadh a bheith míbhuntáisteach maidir le táirgí áirithe, amhail bithbhreoslaí.

Leis an gcoincheap 'feidhmíocht chomhshaoil' agus an rangú comhfhreagrach ar na rátaí infheidhme, cuirtear san áireamh saintréithe sonracha na dtáirgí éagsúla agus an chaoi a gcaitear leo faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann faoi láthair agus sna Ballstáit, an éabhlóid a mheastar a thiocfaidh ar mheascán fuinnimh an Aontais agus tá sé comhsheasmhach leis na tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' (go háirithe na tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar EU-ETS agus ar RED II) agus chun cuspóir maidir le truailliú nialasach a bhaint amach tríd an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur chun feidhme, chun comhleanúnachas agus rannchuidiú leis na cuspóirí comhchoiteanna a áirithiú. Dá bhrí sin, bheadh cánachas fuinnimh bunaithe ar ghlanluach calrach na dtáirgí fuinnimh agus an leictreachais mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2012/27/AE[20]. I gcás táirgí a dhíorthaítear ó bhithmhais, is iad na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001[21] (féach Airteagal 1(2)(an chéad fhomhír)) a bheidh sna luachanna tagartha.

I gcás nach bhfuil glanluach calrach le haghaidh an táirge lena mbaineann sna Treoracha thuasluaite, ba cheart tagairt a dhéanamh don fhaisnéis ábhartha atá ar fáil maidir lena ghlanluach calrach (féach Airteagal 1(2)(an dara fomhír)).

Leagtar amach íosleibhéil chánachais de réir na feidhmíochta comhshaoil thuasluaite (e.g. go ngearrfaí cáin ar bhithbhreoslaí inbhuanaithe le rátaí níos ísle) agus go sloinntear iad in EUR/GJ (féach Airteagail 7, 8, 9, 10 agus Iarscríbhinn I).

2) *Liosta táirgí fuinnimh agus sainmhínithe is infheidhme*

Maidir le raon feidhme an chánachais, ba cheart foinsí fuinnimh iomaíocha a áireamh i liosta na dtáirgí fuinnimh agus dá bharr sin, ba cheart a áirithiú go gcuirfear láimhseáil fhioscach i bhfeidhm orthu ar bhealach aonfhoirmeach agus caighdeánach, i dtéarmaí a bheith faoi réir forálacha maidir le rialú agus gluaiseacht (féach Airteagal 2(1) agus Airteagal 21(1)).

Le sainmhínithe breise a thagann as codanna eile de reachtaíocht an Aontais (eadhon Treoir (AE) 2018/2001 thuasluaite) nó a shonraítear sa togra, ceadófar cóireáil dhifreáilte cánach (féach na sainmhínithe in Airteagal 2(4) agus in Airteagal (5)).

I gcás táirge ina bhfuil meascán de tháirge amháin nó níos mó, ba cheart an cháin a ghearrtar ar gach comhpháirt a chinneadh dá réir, bunaithe ar na rátaí is infheidhme agus go neamhspleách ar chód AC faoina dtiteann an táirge ina iomláine (féach Airteagal 2(6)).

---

[20] Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

[21] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) (IO L 328/82, 21.12.2018, lch. 82).

Ar deiridh, déantar tagairt don leagan den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) atá infheidhme faoi láthair[22]. Chun a áirithiú go ndéantar an tagairt do chóid AC a nuashonrú nuair is gá, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún chun an nuashonrú a thosú (féach Airteagal 2(8) agus Airteagal 29).

3) *Forálacha maidir leis an eisiamh ó raon feidhme an chreata dhlíthiúil*

Le cánachas ar fhuinneamh cumhdaítear táirgí fuinnimh a úsáidtear mar bhreoslaí mótair nó téimh, agus leictreachas. Dá bhrí sin, níor cheart ach úsáidí eile seachas breosla mótair nó breosla téimh, agus dé-úsáidí táirgí fuinnimh, chomh maith le cánachas aschuir teasa, a eisiamh ó raon feidhme na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh. Ba cheart leictreachas a úsáidtear ar bhealaí comhchosúla a láimhseáil ar chomhchéim (féach Airteagal 3).

4) *Rangú na rátaí agus innéacsú na n-íosleibhéal*

Chun a áirithiú go gcuimseofar, le láimhseáil chomhsheasmhach foinsí fuinnimh, leibhéil an chánachais a shocraítear go náisiúnta os cionn na n-íosleibhéil a leagtar síos sa togra, ba cheart do na Ballstáit an gaol idir na híosleibhéil chánachais arna socrú sa togra le haghaidh foinsí éagsúla fuinnimh agus úsáidí éagsúla a mhacasamhlú. Maidir leis an gceanglas sin, ba cheart leictreachas a bheith i gcónaí ar na foinsí fuinnimh is lú a ngearrtar cáin orthu d'fhonn a úsáid a chothú, go háirithe in earnáil an iompair, agus ba cheart é a rangú in éineacht le breoslaí mótair agus breoslaí téimh eile (féach Airteagal 5(1)).

Ba cheart rangú táirgí fuinnimh agus leictreachais a mheas mar phrionsabal ginearálta a bheadh infheidhme go comhionann, *mutatis mutandis*, i gcás ina gceadaítear difreálacha leis an Treoir (féach Airteagail 13, 14, 15, 16, 17 agus 18).

Thairis sin, ba cheart fíorluach na n-íosleibhéal cánachais a chaomhnú. Ba cheart coigeartú bliantúil a dhéanamh ar na rátaí íosta chun éabhlóid a luacha iarbhír a chur san áireamh d'fhonn leibhéal reatha an chomhchuibhithe rátaí a chaomhnú. Chun an luaineacht a astaíonn as praghsanna fuinnimh agus bia a laghdú, ba cheart an t-ailíniú sin a dhéanamh ar bhonn na n-athruithe ar an innéacs comhchuibhithe praghsanna uile-Aontais do thomhaltóirí, seachas fuinneamh agus bia neamhphróiseáilte, mar a d'fhoilsigh Eurostat. Foilseoidh an Coimisiún na híosleibhéil chánachais a thiocfaidh as sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (féach Airteagal 5(2)).

5) *Na híosleibhéil éagsúla chánachais le haghaidh breoslaí mótair, breoslaí téimh agus leictreachais*

Ba cheart íosleibhéil éagsúla chánachais a leagan amach le haghaidh breoslaí mótair don iompar, breoslaí mótair a úsáidtear chun críocha sonracha (amhail san earnáil phríomhúil), breoslaí téimh agus leictreachais. I gcás ina bhfuil idirthréimhse infheidhme, ba cheart an méadú ar na híosleibhéil chánachais – seachas le haghaidh breoslaí ísealcharbóin – a shocrú ag an deichiú cuid in aghaidh na bliana go dtí deireadh na hidirthréimhse, agus an gá atá ann na híosleibhéil chánachais sin a innéacsú á chur san áireamh freisin (féach Airteagail 7, 8, 9, 10 agus Iarscríbhinn I).

[22] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1577 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 361, 30.10.2020, lch. 1).

I gcomhréir le cuspóirí an togra seo, níor cheart aon idirdhealú a dhéanamh idir úsáid tráchtála agus neamhthráchtála ola gáis mar bhreosla mótair chomh maith le húsáid ghnó agus úsáid neamhghnó í le haghaidh breoslaí téimh agus leictreachais.

Chun struchtúr íosleibhéil chánach a shimpliú i gcás inar féidir, déantar na híosleibhéil chánachais i gcás roinnt úsáidí breoslaí mótair (féach Tábla B in Iarscríbhinn I) a ailíniú leis na híosleibhéil chánachais is infheidhme maidir le breoslaí téimh (féach Tábla C in Iarscríbhinn I).

6) *Ionchur a úsáidtear le haghaidh táirgeadh leictreachais*

Ceadaítear do na Ballstáit mar chuid den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh, ar chúiseanna a bhaineann leis an mbeartas comhshaoil, gan gá a bheith acu cloí leis na híosleibhéil chánachais dá bhforáiltear sa togra. Ba cheart do na Ballstáit ar mian leo cánachas den sórt sin a thabhairt isteach macasamhlú ar a laghad a dhéanamh ar an rangú atá leagtha síos idir na híosleibhéil a leagtar síos sa togra, d'fhonn na comharthaí cearta comhshaoil a sholáthar (féach Airteagal 13).

7) *Táirgí fuinnimh agus leictreachas a úsáideann aerárthaí agus soithí*

Gan dochar do chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le heitlíocht, ba cheart cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a sholáthraítear le haghaidh aerloingseoireacht laistigh den Aontas[23] (seachas na cinn sin a sholáthraítear le haghaidh eitiltí aerlasta amháin), agus le haghaidh loingseoireacht uisce-iompartha laistigh den Aontas, lena n-áirítear iascaireacht[24], (féach Airteagail 14 agus 15).

Bheadh leibhéal éagsúil cánachais infheidhme maidir le húsáid táirgí fuinnimh agus leictreachais le haghaidh eitlíocht neamhghnó agus eitiltí neamhphléisiúir laistigh den Aontas Eorpach. Ba cheart táirgí fuinnimh agus leictreachas a úsáidtear le haghaidh eitlíocht ghnó agus eitiltí pléisiúir laistigh den Aontas[25] a bheith faoi réir leibhéil chaighdeánacha chánachais is infheidhme maidir le breoslaí mótair agus leictreachas sna Ballstáit.

Chun a áirithiú go gcuirfear na forálacha maidir le heitlíocht neamhghnó agus eitiltí neamhphléisiúir laistigh den Aontas a áirithiú, bhainfí amach na híosleibhéil chánachais le haghaidh úsáid bhreosla mótair thar idirthréimhse 10 mbliana, agus bheadh íosráta nialasach ar feadh 10 mbliana ag breoslaí malartacha inbhuanaithe (lena n-áirítear bithbhreoslaí agus bithghás inbhuanaithe, breoslaí ísealcharbóin, bithbhreoslaí inbhuanaithe ardfhorbartha agus bithghás, agus breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch) agus leictreachas.

---

[23] Chiallódh 'aerloingseoireacht laistigh den Aontas' eitiltí idir dhá aerfort atá suite san Aontas, lena n-áirítear eitiltí intíre.

[24] Chiallódh 'loingseoireacht uisce-iompartha laistigh den Aontas' loingseoireacht idir dhá chalafort atá suite san Aontas, lena n-áirítear loingseoireacht intíre.

[25] Ciallóidh 'eitlíocht ghnó' oibriú nó úsáid aerárthaí ag comhlachtaí chun paisinéirí nó earraí a iompar mar chabhair chun a ngnó a sheoladh, i gcás go n-eitlítear na haerárthaí chun na gcríoch sin a meastar orthu de ghnáth nach chun críoch fruilithe phoiblí iad agus atá stiúrtha ag daoine a bhfuil, ar a laghad, ceadúnas bailí píolóta tráchtála acu lena ngabhann cáilíocht eitilte de réir uirlisí.
Ciallóidh 'eitiltí pléisiúir' úsáid aerárthaigh chun críocha pearsanta nó áineasa nach mbaineann le gnó ná le húsáid ghairmiúil.

Ba cheart táirgí fuinnimh agus leictreachas a úsáidtear le haghaidh aerloingseoireacht aerlasta amháin laistigh den Aontas a dhíolmhú.agus deis a bheith ag an mBallstát cáin a ghearradh ar na breoslaí sin le haghaidh eitiltí intíre lastais amháin nó de bhua comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha a thugtar i gcrích leis na Ballstáit eile.

Le haghaidh aerloingseoireacht lasmuigh den Aontas, gan dochar d'oibleagáidí idirnáisiúnta, féadfaidh Ballstáit na leibhéil chéanna cánachais agus atá i bhfeidhm maidir le haerloingseoireacht laistigh den Aontas a dhíolmhú nó a chur i bhfeidhm, de réir chineál na gníomhaíochta.

Maidir le loingseoireacht uisce-iompartha, i bhfianaise an riosca a bhaineann le forlíonadh na n-umar breosla lasmuigh den Aontas, bheadh leibhéal éagsúil cánachais infheidhme maidir le húsáid táirgí fuinnimh agus leictreachais le haghaidh loingseoireacht seirbhíse rialta, iascaireacht agus iompar lastais ar uiscebhealaí muirí agus intíre laistigh den Aontas (ó chalafort san Aontas go calafort eile san Aontas). Ba cheart táirgí fuinnimh agus leictreachas a úsáidtear le haghaidh na loingseoireachta uisce-iompartha eile laistigh den Aontas (lena n-áirítear, i measc nithe eile, loingseoireacht árthach pléisiúir príobháideach) a bheith faoi réir leibhéil chaighdeánacha chánachais is infheidhme maidir le breoslaí mótair agus leictreachas sna Ballstáit.

Maidir leis na húsáidí a bhaintear as loingseoireacht seirbhíse rialta laistigh den Aontas agus ar uiscebhealaí intíre, iascaireacht agus iompar lastais, ba cheart gurbh iad na híosleibhéil chánachais na híosleibhéil is infheidhme maidir le húsáid breosla mótair chun críocha sonracha (dá bhrí sin, is ísle an úsáid sin ná na cinn is infheidhme maidir le húsáid ghinearálta bhreosla mótair). Chun dreasacht a sholáthar lena n-úsáid, bheadh íosráta nialasach 10 mbliana ag baint le breoslaí malartacha inbhuanaithe (lena n-áirítear bithbhreoslaí inbhuanaithe agus bithghás, breoslaí ísealcharbóin, bithbhreoslaí inbhuanaithe ardfhorbartha agus bithghás, agus breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch) agus le leictreachas.

Le haghaidh loingseoireacht uisce-iompartha lasmuigh den Aontas, féadfaidh na Ballstáit na leibhéil chéanna chánachais a luaitear roimhe seo a dhíolmhú nó a chur i bhfeidhm, de réir an chineáil gníomhaíochta.

Ar deireadh, i roinnt calafort, tá rogha níos glaine ann maidir leis an táirgeadh leictreachais ar bord soithigh trí leictreachas cois cladaigh a úsáid (i.e. ceangal leis an eangach leictreachais ar tír). D'fhonn dreasacht a shocrú chun é a fhorbairt agus a úsáid, féadfaidh díolúine a bheith ag leictreachas cois cladaigh a sholáthraítear do shoithí agus iad ar ancaire i gcalafoirt.

Ba cheart an chóireáil chéanna a bheith infheidhme maidir leis an leictreachas a sholáthraítear d'aerárthaí atá ina stad.

8) *An fhéidearthacht le haghaidh díolúintí cánach do tháirgí áirithe nó le haghaidh leictreachais ó fhoinsí áirithe*

Bheadh údar maith leis an bhféidearthacht díolúintí nó laghduithe a chur i bhfeidhm ar leibhéal an chánachais ar chúiseanna sonracha, go háirithe cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh agus cosanta comhshaoil, i gcásanna áirithe amhail: leictreachas ó fhoinsí inathnuaite; leictreachas a tháirgtear ó comhghiniúint teasa agus cumhachta, ar choinníoll go mbeidh na gineadóirí comhcheangailte neamhdhíobhálach don chomhshaol. breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, bithbhreoslaí inbhuanaithe ardfhorbartha, bithleachtanna,

bithghás agus ardtáirgí inbhuanaithe a thagann faoi chuimsiú chóid AC 4401 agus 4402 (féach Airteagal 16).

9) An fhéidearthacht le haghaidh laghduithe cánach ar úsáidí áirithe

D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le laghduithe spriocdhírithe nach dtéann faoi bhun na n-íosleibhéal a leagtar amach sa togra, ar chúiseanna éagsúla, amhail éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun feidhme nó dálaí sóisialta a chur san áireamh (féach Airteagal 17).

I measc nithe eile, bheadh feidhm ag laghdú féideartha nach dtéann faoi bhun na n-íosmhéideanna maidir le táirgí fuinnimh a úsáidtear mar bhreosla téimh agus mar leictreachas dá n-úsáidfeadh teaghlaigh iad. Sa chás sin, ba cheart na híosleibhéil chánachais a thosú ag a náid agus ba cheart go dtiocfadh méadú aon deichiú cuid de na híosrátaí deiridh gach bliain orthu thar idirthréimhse deich mbliana (féach Airteagal 17(c)).

Maidir le táirgí fuinnimh agus leictreachas arna n-úsáid ag teaghlaigh a aithnítear mar theaghlaigh leochaileacha de réir sainmhíniú comhchuibhithe an Aontais, d'fhéadfaí iad a dhíolmhú ar feadh uastréimhse deich mbliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach (féach Airteagal 17(c)).

Maidir le hearnálacha áirithe (oibreacha talmhaíochta, gairneoireachta nó dobharshaothraithe, agus foraoiseacht), bheadh laghduithe ar an leibhéal cánachais nach dtéann faoi bhun na n-íosmhéideanna le haghaidh táirgí fuinnimh a úsáidtear chun críocha téimh agus don leictreachas infheidhme (féach Airteagal 17(d)).

10) Gnólachtaí dianfhuinnimh agus eintitis ghnó eile

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le laghduithe spriocdhírithe sa leibhéal cánach gan dul faoi bhun an n-íosmhéideanna chun baint amach cuspóirí cosanta comhshaoil agus feabhsuithe in éifeachtúlacht fuinnimh earnáil táirgeachta an Aontais a dhreasachtú (féach Airteagal 18).

Bheadh na laghduithe sin nasctha le sainmhíniú dian nó le hiarrachtaí infhíoraithe a mbeadh na spriocanna atá luaite mar thoradh orthu.

11) Liosta táirgí fuinnimh atá faoi réir forálacha rialaithe agus gluaiseachta

Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus chun dul i ngleic leis an riosca calaoise, ba cheart táirgí fuinnimh roghnaithe (e.g. olaí bealaithe) a bheith faoi réir forálacha maidir le rialú agus gluaiseacht (féach Airteagal 21)

12) Inmhuirireacht táirgí fuinnimh áirithe

I bhfianaise na n-alóg a bhaineann le hairíonna fisiceacha, ba chóir an teagmhas inchánach do hidrigin a ailíniú leis an teagmhas maidir le gás nádúrtha, a bhfuil an cháin inchánach ina leith tráth an tsoláthair ag an dáileoir nó ag an athdháileoir (féach Airteagal 22(4)(an chéad fhomhír)).

Maidir le leictreachas, d'éileofaí leis na forbairtí is déanaí agus na forbairtí a bheidh ann amach anseo ar theicneolaíochtaí stórála go bhféadfaí saoráidí stórála leictreachais agus trasfhoirmeoirí leictreachais a mheas mar athdháileoirí agus iad ag soláthar leictreachais chun riosca an chánachais dhúbailte a sheachaint (féach Airteagal 22(4)(an dara fomhír)).

Thairis sin, de bharr na gcosúlachtaí atá ann ó thaobh airíonna fisiciúla agus cásanna éagsúlaithe sna Ballstáit, ba cheart táirgí a thagann faoi chuimsiú chóid AC 2703 (móin), 4401 (adhmad breosla, adhmad i sliseanna nó i gcáithníní, min sáibh agus dramhaíl adhmaid agus fuíoll adhmaid) agus 4402 (fioghual) a bheith faoi réir cánachais agus ba cheart iad a bheith inchánach tráth a seachadta i gcás guail, cóic agus ligníte freisin agus de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos ag gach Ballstát (féach Airteagal 22(4)(an cúigiú fomhír.)).

13) Sainmhíniú ar umair chaighdeánacha

Chun saorghluaiseacht a áirithiú agus na ceanglais slándála is infheidhme maidir le mótarfheithiclí tráchtála agus coimeádáin speisialta á n-urramú san am céanna, ba cheart go léireodh an sainmhíniú ar umair chaighdeánacha de na feithiclí sin nach bhfuil umair bhreosla feisithe go heisiach ar fheithiclí tráchtála ag a monaróir (féach Airteagal 25).

14) *Oibleagáid tuairiscithe ar na Ballstáit*

Chun go mbeidh faisnéis bheacht ann maidir le feidhmiú na Treorach, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na leibhéil chánachais a chuireann siad i bhfeidhm chomh maith le méideanna gaolmhara na dtáirgí fuinnimh agus an leictreachais atá faoi réir cánachais (féach Airteagal 26).

15) *Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle*

Gach 5 bliana agus den chéad uair le 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach agus, i gcás inarb iomchuí, togra maidir lena modhnú.

Sa tuarascáil ón gCoimisiún, ba cheart, inter alia, scrúdú a dhéanamh ar na híosleibhéil chánachais, tionchar na nuálaíochta agus na bhforbairtí teicneolaíocha, go háirithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, úsáid leictreachais san iompar agus an bonn cirt atá leis na díolúintí, na laghduithe agus na difreálacha a leagtar síos sa togra. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, breithnithe comhshaoil agus saolré, fíorluach na n-íosleibhéal cánachais agus cuspóirí ábhartha níos leithne na gConarthaí (féach Airteagal 31).

16) *Iarscríbhinn I agus táblaí a bhfuil íosrátaí ag gabháil leo*

Tá táblaí ina bhfuil na híosleibhéil chánachais – arna sloinneadh in EUR/GJ – go ginearálta is infheidhme maidir le breoslaí mótair chun críocha Airteagal 7 agus Airteagal 8(2), maidir le breoslaí téimh agus le leictreachas (féach Táblaí A, B, C agus D).

Tá na híosleibhéil sin infheidhme ar an gcaoi céanna nuair a luaitear iad i bhforálacha ábhartha eile na Treorach.

↓ 2003/96/CE (oiriúnaithe)

2021/0213 (CNS)

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an ~~Chomhphobail~~⌦ Aontais ⌫ le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ~~ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~ ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ⌫ agus go háirithe Airteagal ~~93~~ ⌦ 113 agus Airteagal 192(2), an chéad fhomhír, pointe (a) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Rinneadh Treoir 2003/96/CE ón gComhairle[26] a leasú go suntasach roinnt uaireanta[27]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh uirthi, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

(2) Glacadh Treoir 2003/96/CE chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú a mhéid a bhaineann le cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas. Comhtháthaíodh i dTreoir 2003/96 freisin ceanglais cosanta comhshaoil, go háirithe, i bhfianaise Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.

[26] Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51).

[27] Féach Iarscríbhinn IV, Cuid A.

↓ 2003/96/CE aithris 1 (oiriúnaithe)

~~The scope of Council Directive 92/81/EEC of 19 October 1992 on the harmonisation of the structures of excise duties on mineral oils[28] and of Council Directive 92/82/EEC of 19 October 1992 on the approximation of the rates of excise duties on mineral oils[29] is restricted to mineral oils.~~

↓ 2003/96/CE aithris 2 (oiriúnaithe)

~~The absence of Community provisions imposing a minimum rate of taxation on electricity and energy products other than mineral oils may adversely affect the proper functioning of the internal market.~~

⇩ nua

(3) Is gá a áirithiú go leantar de bheith ag rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh le rialacha soiléire maidir le cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas, agus san am céanna, go leantar de dhul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol i gcomhthéacs na Teachtaireachta ón gCoimisiún 'An Comhaontú Glas don Eoraip'[30]. Le cánachas fuinnimh féadfar rannchuidiú leis an uaillmhian laghdú 55 % ar a laghad i nglanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990, chomh maith leis an gcuspóir maidir le truailliú nialasach tríd an bprionsabal a chur chun feidhme gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, trína a áirithiú go léiríonn cánachas breoslaí mótair, breoslaí téimh agus leictreachais an tionchar a bhíonn acu ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte ar bhealach is fearr. Leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le creat an Aontais i ndáil le cánachas fuinnimh formhuiníodh rannchuidiú an chánachais fuinnimh leis na cuspóirí sin[31].

↓ 2003/96/CE aithris 3 (oiriúnaithe)

~~The proper functioning of the internal market and the achievement of the objectives of other Community policies require minimum levels of taxation to be laid down at Community level for most energy products, including electricity, natural gas and coal.~~

⇩ nua

(4) Féadann an cánachas comhshaoil a bheith ina mheán cost-éifeachtach ag na Ballstáit chun laghduithe spriocdhírithe gás ceaptha teasa a bhaint amach. Ionas go mbeidh feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh ann, tá gá le rialacha comhchoiteanna maidir leis an gcánachas sin.

28 ~~OJ L 316, 31.10.1992, p. 12. Directive as last amended by Directive 94/74/EC (OJ L 365, 31.12.1994, p. 46).~~

29 ~~OJ L 316, 31.10.1992, p. 19. Directive as last amended by Directive 94/74/EC.~~

30 COM(2019) 640 final an 11 Nollaig 2019.

31 14861/19 an 5 Nollaig 2019.

(5) Ba cheart do na Ballstáit, áfach, a bheith in ann cánachas fuinnimh breoslaí mótair, breoslaí téimh agus leictreachais a úsáid chun críoch éagsúla nach mbaineann go cinnte ná go sonrach ná go heisiach le laghdú gás ceaptha teasa.

↓ 2003/96/CE aithris 4

(6) D'fhéadfadh difríochtaí suntasacha sna leibhéil náisiúnta cánachais fuinnimh arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit dochar a dhéanamh d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

↓ 2003/96/CE aithris 5 (oiriúnaithe)

(7) Trí íosleibhéil iomchuí chánachais de chuid an ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a bhunú, d'fhéadfaí na difríochtaí atá ann faoi láthair sna leibhéil náisiúnta chánachais a laghdú.

↓ 2003/96/CE aithris 6 (oiriúnaithe)

~~In accordance with Article 6 of the Treaty, environmental protection requirements must be integrated into the definition and implementation of other Community policies.~~

↓ 2003/96/CE aithris 7 (oiriúnaithe)

(8) Mar pháirtí i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, tá ~~Prótacal Kyoto~~ ⌦ Comhaontú Pháras ⌫ daingnithe ag an ~~gComhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫. Tá an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus, i gcás inarb iomchuí, ar leictreachas ar cheann de na hionstraimí atá ar fáil chun cuspóirí ~~Phrótacal Kyoto~~ ⌦ Chomhaontú Pháras ⌫ a bhaint amach.

⇩ nua

(9) Ba cheart rialacha a leagan síos chun cánachas fuinnimh a bhunú ar chion fuinnimh táirgí fuinnimh agus leictreachais, mar aon lena bhfeidhmíocht chomhshaoil. Chun na gcríoch sin, ba cheart tagairt a dhéanamh do shainmhínithe Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] agus do Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]. Anuas air sin, ba cheart an liosta de tháirgí fuinnimh a nuashonrú chun táirgí fuinnimh áirithe a áireamh, d'fhonn cóireáil aontaithe agus chaighdeánaithe na mbreoslaí sin a áirithiú.

---

[32] Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

[33] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

↓ 2003/96/CE aithris 8 (oiriúnaithe)

~~The Council needs to examine the exemptions and reductions and the minimum levels of taxation periodically, taking into consideration the proper functioning of the internal market, the real value of the minimum levels of taxation, the competitiveness of Community businesses in the international framework and the wider objectives of the Treaty.~~

⇩ nua

(10) Ar mhaithe leis an neodracht bhuiséadach, i gcás gach gné den chánachas fuinnimh is ceart feidhm a bheith ag na íosleibhéil chéanna chánachais maidir le gach táirge fuinnimh a úsáidtear chun críche ar leith. Má shocraítear íosleibhéil chomhionanna chánachais ar an mbealach sin, is ceart do na Ballstáit, ar mhaithe leis an neodracht bhuiséadach freisin, leibhéil chomhionanna chánachais náisiúnta a áirithiú ar na táirgí uile lena mbaineann.

↓ 2003/96/CE aithris 9 (oiriúnaithe)

~~Member States should be given the flexibility necessary to define and implement policies appropriate to their national circumstances.~~

⇩ nua

(11) Ba cheart do na Ballstáit rangú íosleibhéal cánachais a mhacasamhlú aon tráth, mar a leagtar amach san iarscríbhinn maidir le táirgí éagsúla i gcás gach úsáide chun críche ar leith, d'fhonn struchtúr rátaí atá oiriúnaithe ó thaobh an chomhshaoil a áirithiú. Ba cheart na híosleibhéil cánachais fuinnimh a bheith ailínithe go huathoibríoch gach bliain chun éabhlóid a bhfíorluacha a chur san áireamh d'fhonn an leibhéal reatha comhchuibhithe rátaí a chaomhnú agus ar an mbealach sin an luaineacht a astaíonn as praghsanna fuinnimh agus bia a laghdú. Ba cheart an t-ailíniú sin a dhéanamh ar bhonn na n-athruithe ar an innéacs comhchuibhithe praghsanna uile-Aontais do thomhaltóirí, seachas fuinneamh agus bia neamhphróiseáilte, mar a d'fhoilsigh Eurostat.

(12) Chun cur chun feidhme rianúil forálacha áirithe a bhaineann le roinnt táirgí nó úsáidí a áirithiú, tá gá le hidirthréimhse chur i bhfeidhm.

↓ 2003/96/CE aithris 10 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(13) ⇨ Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart do na Ballstáit leibhéil chánachais a chur i bhfeidhm ar tháirgí fuinnimh agus leictreachais nach lú ná na híosleibhéil chánachais, mar a shocraítear leis an Treoir. ⇦ ~~Member States wish to introduce or retain different types of taxation on energy products and electricity.~~ ~~Chuige sin, b~~Ba cheart go gceadófaí do na Ballstáit íosleibhéil chánachais an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a chomhlíonadh trí áireamh a dhéanamh ar an muirear iomlán a thoibheofar i ndáil le gach cáin indíreach a roghnaíonn siad a chur i bhfeidhm (gan CBL a áireamh).

↓ 2003/96/CE aithris 11 (oiriúnaithe)

(14) Is faoi gach Ballstát atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le socruithe fioscacha arna ndéanamh i dtaca le cur chun feidhme an chreat ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ seo maidir le cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfadh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan an t-ualach cánach foriomlán a mhéadú má mheasann siad go bhféadfadh cur chun feidhme phrionsabal sin na neodrachta cánach rannchuidiú leis an athstruchtúrú agus an nuachóiriú ar a gcórais chánach trí iompraíocht a spreagadh a chuideodh le cosaint níos fearr an chomhshaoil agus le húsáid mhéadaithe saothair.

↓ 2003/96/CE aithris 12 (oiriúnaithe)

(15) Is príomhghnéithe de bheartais fuinnimh, iompair agus chomhshaoil ~~an Chomhphobail~~ ⌦ san Aontas ⌫ iad praghsanna fuinnimh.

↓ 2003/96/CE aithris 13

~~Taxation partly determines the price of energy products and electricity.~~

↓ 2003/96/CE aithris 14

~~The minimum levels of taxation should reflect the competitive position of the different energy products and electricity. It would be advisable in this connection to base the calculation of these minimum levels as far as possible on the energy content of the products. However, this method should not be applied to motor fuels.~~

↓ 2003/96/CE aithris 15

~~The possibility of applying differentiated national rates of taxation to the same product should be allowed in certain circumstances or permanent conditions, provided that Community minimum levels of taxation and internal market and competition rules are respected.~~

↓ 2003/96/CE aithris 16 (oiriúnaithe)

(16) Ós rud é nach mbíonn teas faoi réir ach trádáil an-teoranta laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫, ba cheart go bhfanfadh cánachas aschuir ar theas lasmuigh de raon feidhme chreat an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ seo.

↓ 2003/96/CE aithris 17 (oiriúnaithe)

(17) Is gá íosleibhéil éagsúla chánachais de chuid an ~~Comhphobail~~ ⌦ an Aontais ⌫ a bhunú de réir úsáid na dtáirgí fuinnimh agus an leictreachais.

↓ 2003/96/CE aithris 18
⇨ nua

(18) I gcás táirgí fuinnimh a úsáidtear mar bhreosla mótair chun críoch ~~tionsclaíoch agus tráchtála~~ áirithe agus i gcás na dtáirgí fuinnimh sin a úsáidtear mar bhreosla téimh, is iondúil go ngearrtar cáin orthu ar leibhéil is ísle ná na leibhéil is infheidhme maidir le táirgí fuinnimh a úsáidtear mar thiomántán. ⇨ Ba cheart leictreachas a bheith i measc na bhfoinsí fuinnimh is lú a ghearrtar cáin orthu d'fhonn a n-úsáid a chothú, go háirithe in earnáil an iompair. I dtaobh na críche sin, ba cheart do na Ballstáit féachaint leis an leibhéal céanna cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a úsáidtear chun feithiclí leictreacha a luchtú agus maidir le leictreachas a úsáidtear chun críocha téimh le linn an ama is gá tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo. ⇦

↓ 2003/96/CE aithris 19

~~The taxation of diesel motor fuel used by hauliers, notably those engaging in intra-Community activities, requires a possibility for a specific treatment, including measures to allow for the introduction of a system of road user charges, in order to limit the distortion of competition operators might be confronted with.~~

⇩ nua

(19) Leis an ngá atá le tabhairt faoi chuspóirí na Treorach a bhaint amach, ceanglaítear nach ndéantar aon idirdhealú idir díosal tráchtálach agus neamhthráchtálach ná idir úsáid ghnó agus neamhghnó i gcás breoslaí téimh agus leictreachais.

↓ 2003/96/CE aithris 20

~~Member States may need to differentiate between commercial and non-commercial diesel. Member States may use this possibility to reduce the gap between the taxation of non-commercial gas oil used as propellant and petrol.~~

↓ 2003/96/CE aithris 21

~~Business use and non-business use of energy products and electricity may be treated differently for tax purposes.~~

↓ 2003/96/CE aithris 22
(oiriúnaithe)

(20) Ba cheart go bunúsach go mbeadh táirgí fuinnimh faoi réir creat de chuid an ~~Chomhphobail~~ ⌦ an Aontais ⌫ nuair a úsáidtear iad mar bhreosla téimh nó mar bhreosla mótair. Sa mhéid sin, is de chineál agus de loighic an chórais cánach dé-úsáidí agus úsáidí neamhbhreosla de tháirgí fuinnimh ~~chomh maith le próisis mhianalógacha~~ a eisiamh ó raon feidhme an chreata. Ba cheart leictreachas a úsáidtear ar bhealaí comhchosúla a láimhseáil ar chomhchéim.

↓ 2003/96/CE aithris 23

~~Existing international obligations and the maintaining of the competitive position of Community companies make it advisable to continue the exemptions of energy products supplied for air navigation and sea navigation, other than for private pleasure purposes, while it should be possible for Member States to limit these exemptions.~~

⇩ nua

(21) Thug an tAontas agus na Ballstáit comhaontuithe iltaobhacha i gcrích maidir le seirbhísí aeir agus aeriompair, nó comhaontuithe déthaobhacha le tríú tíortha. Áirítear sna comhaontuithe sin forálacha maidir le cánachas breosla eitlíochta. Bhí córas cánach pribhléideach ag breosla eitlíochta go traidisiúnta. Leis an ngá atá le tabhairt faoi chuspóirí na Treorach a bhaint amach, gan dochar do na comhaontuithe idirnáisiúnta sin, ceanglaítear gur cheart cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a sholáthraítear le haghaidh aerloingseoireacht laistigh den Aontas seachas eitiltí aerlasta amháin. Tá gá i gcónaí leis an díolúine le haghaidh breosla a úsáideann eitiltí aerlasta amháin de cheal roghanna malartacha níos éifeachtúla.

(22) Chun cur chun feidhme rianúil na Treorach seo a áirithiú, bhainfí amach na híosleibhéil chánachais le haghaidh breoslaí mótair a úsáidtear le haghaidh eitiltí neamh-ghnó agus neamhphléisiúir laistigh den Aontas thar idirthréimhse 10 mbliana, ach bheadh breoslaí malartacha inbhuanaithe agus leictreachas faoi réir íosráta nialasach ar feadh 10 mbliana. Ba cheart táirgí fuinnimh agus leictreachas a úsáidtear le haghaidh eitlíocht ghnó agus phléisiúr laistigh den Aontas a bheith faoi réir leibhéil chaighdeánacha chánachais is infheidhme maidir le breoslaí mótair agus leictreachas sna Ballstáit.

(23) Ba cheart cáin a ghearradh ar bhreosla a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht uisce-iompartha, lena n-áirítear iascaireacht, agus ní mór do na Ballstáit atá ina bpáirtí i gcomhaontuithe idirnáisiúnta lena bhforáiltear do dhíolúine an bhreosla sin a áirithiú go gcuirfear deireadh leis na neamhréireachtaí faoi dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo. Is gá a fhágáil go mbeifear in ann leibhéal cánachais eile a chur i bhfeidhm maidir le húsáid táirgí fuinnimh agus leictreachais le haghaidh loingseoireacht seirbhíse rialta uisce-iompartha, iascaireacht agus iompar lastais laistigh den Aontas agus na gníomhaíochtaí i mbeart a bhaineann leo. Agus sonraíocht na n-úsáidí sin á meas, ba cheart na híosleibhéil chánachais a bheith níos ísle ná na híosleibhéil is infheidhme maidir le húsáid ghinearálta breosla mótair. Chun dreasacht a sholáthar i ndáil le breoslaí malartacha inbhuanaithe agus leictreachas a úsáid, ba cheart na breoslaí agus an leictreachas sin a bheith díolmhaithe ó chánachas ar feadh 10 mbliana. Ba cheart táirgí fuinnimh agus leictreachas a úsáidtear le haghaidh na loingseoireachta uisce-iompartha eile laistigh den Aontas a bheith faoi réir leibhéil chaighdeánacha chánachais is infheidhme maidir le breoslaí mótair agus leictreachas sna Ballstáit.

(24) Le haghaidh aerloingseoireacht lasmuigh den Aontas, gan dochar d'oibleagáidí idirnáisiúnta, agus le haghaidh loingseoireacht uisce-iompartha lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear iascaireacht, féadfaidh Ballstáit na leibhéil chéanna chánachais laistigh den Aontas a dhíolmhú nó a chur i bhfeidhm, de réir chineál na gníomhaíochta.

↓ 2003/96/CE aithris 24
⇨ nua

(25) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit díolúintí áirithe eile nó leibhéil laghdaithe chánachais a chur i bhfeidhm, i gcás nach ndéanfaidh sé sin dochar ⇨ do chuspóirí comhshaoil, ⇦ d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus nach mbeidh saobhadh ar iomaíocht mar thoradh air.

↓ 2003/96/CE aithris 25
⇨ nua

(26) Go háirithe, féadfaidh comhghiniúint cumhachta agus teasa ⇨ ardéifeachtúil ⇦ agus, chun úsáid foinsí fuinnimh malartacha a chur chun cinn, foirmeacha in-athnuaite fuinnimh cáiliú do chóireáil fhabhrach.

↓ 2003/96/CE aithris 26

~~It is desirable to establish a Community framework to allow Member States to exempt or reduce excise duties so as to promote biofuels, thereby contributing to the better functioning of the internal market and affording Member States and economic operators a sufficient degree of legal certainty. Distortions of competition should be limited and the incentive of a reduction in the basic costs for producers and distributors of biofuels should be maintained through, *inter alia*, the adjustments by Member States taking into account changes in raw material prices.~~

↓ 2003/96/CE aithris 27
(oiriúnaithe)

~~This Directive shall be without prejudice to the application of the relevant provisions of Council Directive 92/12/EEC of 25 February 1992 on the general arrangements for products subject to excise duty and on the holding, movement and monitoring of such products[35], and Council Directive 92/83/EEC of 19 October 1992 on the harmonization of the structures of excise duties on alcohol and alcoholic beverages[36], when the product intended for use, offered for sale or used as motor fuel or fuel additive is ethyl alcohol as defined in Directive 92/83/EEC.~~

↓ 2003/96/CE aithris 28

~~Certain exemptions or reductions in the tax level may prove necessary; notably because of the lack of a stronger harmonisation at Community level, because of the risks of a loss of international competitiveness or because of social or environmental considerations.~~

35 ~~OJ L 76, 23.3.1992, p. 1. Directive as last amended by Directive 2000/47/EC (OJ L 193, 29.7.2000, p. 73).~~

36 ~~OJ L 316, 31.10.1992, p. 21.~~

⇩ nua

(27) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le laghduithe spriocdhírithe ar an leibhéal cánach chun baint amach cuspóirí cosanta comhshaoil agus feabhsuithe in éifeachtúlacht fuinnimh earnáil táirgeachta an Aontais a dhreasachtú.

(28) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le laghduithe spriocdhírithe ar an leibhéal cánach chun dul i ngleic le tionchar sóisialta cánacha fuinnimh. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le díolúine ó chánachas ar bhonn sealadach chun teaghlaigh leochaileacha a chosaint.

🡻 2003/96/CE aithris 29

~~Businesses entering into agreements to significantly enhance environmental protection and energy efficiency deserve attention; among these businesses, energy intensive ones merit specific treatment.~~

🡻 2003/96/CE aithris 30

~~Transitional periods and arrangements may be required in order to allow Member States to smoothly adapt to the new levels of taxation, thus limiting possible negative side effects.~~

🡻 2003/96/CE aithris 31
⇨ nua

(29) ⇨ I bhfianaise na n-éifeachtaí airgeadais, eacnamaíocha agus comhshaoil ar gach Ballstát, amhail an gá le leictriú na hearnála iompair, ⇦ ~~I~~is gá foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta lena n-údarófar do na Ballstáit díolúintí eile nó leibhéil laghdaithe chánachais a thabhairt isteach ar feadh tréimhse socraithe. ⇨ Ar chúiseanna cosanta comhshaoil agus sláinte an duine, lena n-áirítear laghdú ar aerthruailliú, is gá foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta lena n-údarófar tabhairt isteach rátaí méadaithe sonracha ag na Ballstáit, ar feadh tréimhse socraithe. Tar éis do Bhallstáit iarraidh a dhéanamh a bhfuil bonn cirt léi agus ar thogra ón gCoimisiún, ba cheart an t-údarú sin a ghlacadh trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE. ⇦ Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar ~~dhíolúintí nó ar laghduithe~~ ⇨ bhearta ⇦ den sórt sin.

⇩ nua

(30) Ba cheart táirgí fuinnimh roghnaithe a bheith san áireamh sa liosta táirgí fuinnimh atá faoi réir na bhforálacha maidir le rialú agus gluaiseacht a dhéantar le Treoir 2008/118/CE[37] ón gComhairle, chun cóireáil aontaithe agus chaighdeánaithe na dtáirgí sin a áirithiú agus chun an riosca go ndéanfar imghabháil cánach, seachaint cánach agus mí-úsáid cánach a chur san áireamh.

(31) Chun saorghluaiseacht a áirithiú agus na ceanglais slándála is infheidhme maidir le mótarfheithiclí tráchtála agus coimeádáin speisialta á n-urramú san am céanna, ba

[37] Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na comhshocruithe ginearálta i ndáil le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch 12).

cheart go léireodh an sainmhíniú ar umair chaighdeánacha na bhfeithiclí sin nach bhfuil umair bhreosla feisithe go heisiach ar fheithiclí tráchtála ag a monaróir.

↓ 2003/96/CE aithris 32 (oiriúnaithe)

(32) Ba cheart foráil a dhéanamh go dtabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le bearta náisiúnta áirithe. Ní dhéantar le fógra den sórt sin na Ballstáit a scaoileadh ón oibleagáid, a leagtar síos in Airteagal ~~88~~ ⌦ 108 ⌫ (3) ~~den Chonradh~~ ⌦ CFAE ⌫, fógra a thabhairt faoi bhearta náisiúnta áirithe. ~~Tá an Treoir seo~~ ⌦ Ba cheart an Treoir seo a bheith ⌫ gan dochar do thoradh aon nós imeachta maidir le státchabhair a d'fhéadfaí a ghabháil de láimh amach anseo i gcomhréir le hAirteagail ~~87~~ ⌦ 107 ⌫ agus ~~88~~ ⌦ 108 ⌫ ~~den Chonradh~~ ⌦ CFAE ⌫ .

↓ 2003/96/CE aithris 33

(33) Ba cheart, i gcás inarb iomchuí, raon feidhme ~~Threoir 92/12/CEE~~ Threoir 2008/118/CE a leathnú chun na táirgí agus na cánacha indíreacha a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur san áireamh.

⇩ nua

(34) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na forálacha maidir le rialú agus maidir le saorghluaiseacht Threoir 2008/118/CE le feidhm a bheith acu maidir leis na táirgí a bhfuil dlúthbhaint acu le himghabháil cánach, le seachaint cánach agus le mí-úsáid cánach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[38].

↓ 2003/96/CE aithris 34 (oiriúnaithe)

~~The measures necessary for the implementation of this Directive should be adopted in accordance with Council Decision 1999/468/EC of 28 June 1999 laying down the procedures for the exercise of implementing powers conferred on the Commission[39];~~

⇩ nua

(35) Ba cheart tagairt a dhéanamh don leagan den Ainmníocht Chomhcheangailte is infheidhme faoi láthair. Chun a áirithiú go nuashonraítear na tagairtí do na cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) a ghabhann leis an Treoir seo nuair is gá, agus go léiríonn íosrátaí cánach éabhlóid na bpraghsanna, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean ar an gCoimisiún i leith

---

[38] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

[39] ~~OJ L 184, 17.7.1999, p. 23.~~

an tagartha do na cóid AC sin a nuashonrú, agus i leith na n-íosrátaí cánach a nuashonrú bunaithe ar athruithe bliantúla an phraghasinnéacs tomhaltóirí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus beidh rochtain chórasach ag a saineolaithe ar chruinnithe de shainghrúpaí de chuid an Choimisiúin a bhíonn ag plé le hullmhú gníomhartha tarmligthe.

(36) Gach 5 bliana agus den chéad uair 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart don Choimisiúin tuairisciú don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, agus na híosleibhéil chánachais, tionchar forbairtí nuálaíochta agus teicneolaíochta go háirithe á scrúdú aige, go mór mór a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh, úsáid leictreachais san iompar agus an réasúnú leis na díolúintí, laghduithe agus difreálacha a leagtar síos sa Treoir sin. Ba cheart a chur san áireamh sa tuarascáil feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, breithnithe comhshaoil agus saolré, fíorluach na n-íosleibhéal cánachais agus cuspóirí ábhartha níos leithne na gConarthaí.

(37) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis an Treoir a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar an Treoir a bhí ann roimhe seo.

(38) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn I a thrasuí sa dlí náisiúnta agus maidir le dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin.

↓ 2003/96/CE

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déanfaidh na Ballstáit cánachas a fhorchur ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas i gcomhréir leis an Treoir seo.

⇩ nua

2. Chun críocha na Treorach seo, déanfar cánachas a ríomh in EUR/Gigigiúil ar bhonn ghlanluach calrach na dtáirgí fuinnimh agus an leictreachais mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2012/27/AE, arna thiontú ina nGigigiúil. I gcás táirgí a dhíorthaítear ó bhithmhais, is iad na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, arna dtiontú i nGigigigiúil, a bheidh sna luachanna tagartha.

I gcás nach bhfuil glanluach calrach don táirge lena mbaineann i dTreoir 2012/27/AE ná i dTreoir (AE) 2018/2001, de réir mar a bheidh, déanfaidh na Ballstáit tagairt d'fhaisnéis ábhartha atá ar fáil maidir lena ghlanluach calrach.

↓ 2003/96/CE ⇨ nua

Airteagal 2

1. Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag an téarma ‘táirgí fuinnimh’ maidir leis na táirgí seo a leanas:

(a) táirgí a thagann faoi chuimsiú chóid AC 1507 go 1518, más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla téimh nó breosla mótair;

(b) táirgí a thagann faoi chuimsiú chóid AC ⇨ 2207, 2208 90 91 agus 2208 90 99 más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla téimh nó mar bhreosla mótair agus má dhíolmhaítear iad ón dleacht mháil chomhchuibhithe ar alcól agus deochanna alcólacha i gcomhréir le hAirteagal 27(1), pointí (a) nó (b), de Threoir 92/83/EC[40] ⇦ ~~2701, 2702 agus 2704 go 2715~~;

(c) táirgí a thagann faoi chuimsiú chóid ⇨ 2701 go 2715 ⇦ ~~2901 agus 2902~~;

(d) táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC ⇨ 2804 10 ⇦ ~~29051100, ar táirgí nach de thionscnamh sintéiseach iad~~, más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla téimh nó breosla mótair;

⇩ nua

(e) táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC 2814, más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla mótair;

↓ 2003/96/CE (oiriúnaithe) ⇨ nua

(~~e~~f) táirgí a thagann faoi chuimsiú chó⌦ i ⌫d ~~3403~~ ⇨ 2901 agus 2902 ⇦ ;

(~~f~~g) táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC ~~3811~~ ⇨ 2905 11 00, ar táirgí nach de thionscnamh sintéiseach iad, más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla téimh nó breosla mótair ⇦ ;

(~~g~~h) táirgí a thagann faoi chuimsiú chó ⌦ i ⌫d AC ~~3817~~ ⇨ 2909 19 10 agus 2909 19 90, más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla téimh nó breosla mótair ⇦ ;

(~~h~~i) táirgí a thagann faoi chuimsiú chó~~i~~d AC⇨ 3403; ⇦ ~~38249986, 38249992 (excluding anti-rust preparations containing amines as active constituents and inorganic composite solvents and thinners for varnishes and similar products), 38249993, 38249996 (excluding anti-rust preparations containing amines as active constituents and inorganic composite solvents and thinners for varnishes and similar products), 38260010 and 38260090 if these are intended for use as heating fuel or motor fuel.~~

[40] Treoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir dleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuibhiú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 21)

⇩ nua

(j) táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC 3811;

(k) táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC 3814, más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla téimh nó breosla mótair;

(l) táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC 3817;

(m) táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC 3823 19, más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla téimh nó breosla mótair;

(n) táirgí a thagann faoi raon feidhme chóid CN 3824 99 86, 3824 99 92 (seachas ullmhúcháin frithmheirge ina bhfuil aimíní mar chomhábhair ghníomhacha agus tuaslagóirí neamhorgánacha ilchodacha agus tanaitheoirí le haghaidh vearnaisí agus táirgí comhchosúla), 3824 99 93, 3824 99 96 (seachas ullmhúcháin frithmheirge ina bhfuil aimíní mar chomhábhair ghníomhacha agus tuaslagóirí neamhorgánacha ilchodacha agus tanaitheoirí le haghaidh vearnaisí agus táirgí comhchosúla) 3826 00 10 agus 3826 00 90, más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla téimh nó breosla mótair;

(o) táirgí a thagann faoi raon feidhme chóid CN 4401 agus 4402, más táirgí iad atá beartaithe a úsáid mar bhreosla téimh i suiteálacha a bhfuil a n-ionchur teirmeach rátaithe iomlán cothrom le 5 MW nó níos mó.

🡻 2003/96/CE (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. Beidh feidhm freisin ag an Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas:

Leictreachas a thagann faoi chuimsiú chód AC 2716.

